

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonail
Buntaifeadadh	T2
Ainm an Agallaí	Nóra John Ní Dhuibhir
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	24/02/2006
Suíomh an Agallaimh	Ard na gCeapairí, Doirí Beaga
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)**(sos)****(--) , Tosach lochtach****' _____ , Focal dothuigthe****' _____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe****.... Beirt ag caint ag an am amháin****[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Nóra, tá traidhfil seanchais a dhith orm anseo fá thoir anseo ag do thaobh sa chomharsanacht bhí panc ná rud a dtabharfadhl siad an Punta air am na dtiarnaí talamh. Inis dom fá sin, an áit a bhfuil sé a Nóra.

NÓRA: Bhuel, bhfuil a fhios agat, níl a fhios agam móran fá dtaobh den phanc. Tá a fhios agam bhí an Punta ansin agus ní raibh a fhios agamsa ariamh cad chuige ar dtug siad an Punta air. Ach ní raibh ann ach ballaí móra arda agus iad druidte isteach agus bhí geaftha mór iarainn air. Agus is iomaí uair a chífinn b'fhéidir cúpla cinn caorach istigh ann ná corr uair chífinn bó istigh ann. Agus tá cuimhne agam dúirt mise "cad chuige a dtabharann siad an Punta ar an áit seo?" Agus is cuimhne liom m'athair a inse dom. "Tá, ná fuair na tiarnaí talamh greim ar an eallach agus gan aon duine le amharc ina ndiaidh ná gan fios acu cé ar leis iad ná má fhaigheann siad istigh i mbarr ná a dhath iad, *landalódh* siad istigh ansin agus caithfidh tú punta a dhíol is iad a fháil amach. Agus sin an tuige ar bhaist siad an Punta air.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Ní miste caidé chomh beag nór mór a bheadh istigh ann, coileán ná dá bhfaigheadh siad dhath ar bith a bhí ar shiúl ar strae ná ag déanamh a dhath amach as casán.

DÓNALL: Thógfadh siad é.

NÓRA: Bhí sé tógtha acu....

DÓNALL:*Mmm....*

NÓRA:Agus istigh sa Phunta agus chaithfeá punta a dhíol agus sin an tuige ar dtug siad an Punta air.

DÓNALL: Agus bhí sé ansin ag taobh an áit a bhfuil.

NÓRA: Bhí sé ag teach Éamoinn Óig ansin, an taobh eile de theach Éamoinn Óig.

DÓNALL: Sea, sea.

NÓRA: Taobh eile den bhalla, idir é féin agus teach *Andy* Mhic Niallais ansin.

DÓNALL: *Aha. Yeah.*

NÓRA: *Aye.* Sin an áit a raibh sé. Agus bhí an beairic ansin, beairic na saighdiúirí.

DÓNALL: Go díreach ag a thaobh.

NÓRA: Go díreach ar a chúl.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Bhí.

DÓNALL: Bhuel sin beairic, an bhfuil cuimhne agatsa ar shaighdiúirí ansin? An R.I., R.I.C?

NÓRA: Bhí saighdiúirí na Sasana.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Sea a bhí ann. *But* anois ní bheadh a fhios agam mórán fá dtaobh daofa ach tá a fhios agam go mbeadh siad amuigh. Mhothóinn iad ag rá go raibh siad millteanach crua dá bhfaigheadh siad greim ort amuigh mall san oíche.

DÓNALL: Bhí *curfew*.

NÓRA: Chaithfeá inse cá raibh tú ag gabháil.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Agus c'áit a raibh tú ag gabháil agus.

DÓNALL: Bhí *curfew* ar dhaoine.

NÓRA: Bhí *curfew* ann san am.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Sin an rud a bhí siad ag déanamh. Agus bhí siad iontach maith, saighdiúirí deasa a bhí iontu *but* bhí siad millteanach maith ag déanamh a ngnoithe.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Bhí.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agatsa ansin, rachfá aníos agus síos na Bhunbhig amanna a Nóra?

NÓRA: [Casachtach] Gabh mo leithscéal.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agatsa ar shaighdiúirí na Sasana thíos, thíos ar an Bhunbheag? Rud beag, b'fhéidir.

NÓRA: Nach greannmharanois nach bhfuil cuimhne agamanois ar chuid saighdiúirí na Sasana a bheith ar an Bhunbheag.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Níl, déarfainn go raibh sin roimh m'am.

DÓNALL: Roimhe sin, sea.

NÓRA: Bhí sin roimh sin. B'fhéidir an chuid is sine den teaghlaigh,

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Go mbeadh barúil acu de sin.

DÓNALL: Is bhí scéal maith eile agat fan, fan Mhaighdean Mhara a Nórá?

NÓRA: (Gáire) Fan Mhaighdean Mhara?

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Bhuel, níor ghnách liomsa creidbhéil go raibh a leithéid de rud ann *but* mhothóinn m'athair ag caint go minic nuair a bhí se féin amuigh ag iascaireacht. Ba ghnách le m'athair a bheith ag iascaireacht, an bhfuil a fhios agat? Ach an cineál duine a bhí ann, d'inseodh sé an oiread rudaí agus ní raibh a fhios agat cé acu ag

inse an fhírinne a bhí sé. *But* is iomaí uair a chonaic siad an Mhaighdean Mhara, léimfeadh sí aníos roimh an bhád ach *by godda* a dúirt sé, char dtug sí ariamh ormsa pilleadh. Is dúirt mise “cad chuige a mbeadh sibh ag pilleadh?” “Tá” a dúirt sé, “bhí léir mór bádai” a dúirt sé, “agus dá bhfeicfeadh siad an Mhaighdean Mhara, dúirt siad gur droch *sign* a bhí ann go raibh an bád le cailleadh an oíche sin.” Dá n-éireodh sí aníos romhat. Dá n-éireodh an Mhaighdean Mhara romhat agus tú ar an bhealach amach ag iascaireacht, ba ghnách le moll de na bádai pilleadh.

DÓNALL: *Mmm.*

NÓRA: Agus sin anois a mhothaigh mise fan Mhaighdean Mhara, go raibh sí, caill a bhí inti. Nuair a chífeá an Mhaighdean Mhuire go raibh caill ag gabháil.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Nuair a chífeá an Mhaighdean Mhara, *yeah.*

DÓNALL: Agus bí cheart duit pilleadh.

NÓRA: Agus gur chóir duit pilleadh.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Go speisialta nuair a bhí tú ag gabháil amach ag iascaireacht fá choinne. *So b'fhéidir go raibh rud inteacht do.*

DÓNALL: Á, bhí.

NÓRA: Oíche Fheil bríde, bhuel, sé fhaca mise fá Oíche Fheil Bríde ó fuair muid ciall, nuair a thiocfadh Oíche Fheil Bríde chaithfeá a bheith siúrálte agus ball de chuid éadaigh a bheith amuigh, fá choinne beannacht

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Naomh Bríde bocht ar feadh na bliana agus chaithfeá bratacha a bheith agat as báinín dearg. Ní dhéanfadh a dhath eile maith sna laetha sin ach báinín dearg agus chaithfeá giota báinín dearg a fhágáil amuigh agus dúirt siad ariamh gur sin cineál éadach a ba mhó a chaith Naomh Bríd.

DÓNALL: Naomh Bríd.

NÓRA: Báinín dearg agus d'fhág muid i gcónaí amuigh giota báinín dearg agus ansin na fir ag gabháil go hAlbain ná dá mbeadh siad ag gabháil na Lagáin ná a dhath ar bith, bhéarfá i gcónaí giota den....

DÓNALL:Den báinín, sea....

NÓRA:báinín dearg daofa fá choinne iompair, fá choinne iad a shábháil. Gan a gcaillint. *So, sin an dóigh a mhothaigh mise fá agus ba ghnách leofa ansin a bheith ag déanamh crosóga Bríde.*

DÓNALL: Sea.

NÓRA: Agus rachfá amach tráthnóna agus bhainfeá cnap feagacha agus bhéarfá isteach ansin iad. Anois níor shál mé cheann ariamh *but* bhí mo chuid deartháireacha ábalta agus cuid de mo chlann féin ábalta na crosóga Bhríde a dhéanamh.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Agus go dtí an lá atá inniu ann bónn siad a ndéanamh ag, roimh am Naomh Bríde.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

NÓRA: Agus teach an phobail ansin agus iad a choisreacadh agus tá siad agat go ceann bliana eile. Iad a '_____’ os cionn an dorais, *so* as duine ar bith a thiochtas isteach agus a thiochtas amach, go mbeidh ádh maith ar an t-é a thiochtas amach, isteach agus amach faoi.

DÓNALL: Faoi an chrosóg, sea.

NÓRA: Faoi chrosóg Bhríde, *yeah*.

DÓNALL: Ba dheas an rud é, nach raibh?

NÓRA: Nach raibh? *Aye.* Ach sin an rud a bhí mé ag rá le *John Bhrianaí*, ní fheicim crosóg Bhríde áit ar bith anseo.

DÓNALL: B’fhéidir go bhfuil sí amuigh os cionn an dorais.

NÓRA: Tá sé, tá sé.

DÓNALL: Tá ceann ansin.

NÓRA: Tá sé thuas ansin, sean cheann. Ní dhearna sé aon cheann i mbliana, tá sean cheann áit inteacht ansin ar scor ar bith.

DÓNALL: Ó tá sí ann.

NÓRA: Tá, tá sí thuas ansin, tá.

DÓNALL: Tá.

NÓRA: Tá. *So bíonn John a ndéanamh forsta, crosóga Bhríde. So sin an rud a mhethaigh mise fá chrosóg Bhríde.*

DÓNALL: Sea.

NÓRA: *So caithfidh sé go raibh rud inteacht do. Ní [ar ndóigh] bhí sé ag na seandaoine.*

DÓNALL: Agus caidé fá Lá Fheil Muire Mór, an rachfá síos na farraige agus....

NÓRA:Ó, *aye*, sin lá....

DÓNALL:Chaithfeá

NÓRA: Cúigiú lá déag de *August*.

DÓNALL: Sea.

NÓRA: *Aye.* Chaithfeá a ghabháil síos na farraige agus do chosa a nígh in sa tsáile. Agus bhí siad ag rá go raibh an Mhaighdean Mhuire an lá sin in san fharraige agus a dhath ar bith a bhí ort, go *gcureólodh* an Mhaighdean Mhuire é.

DÓNALL: Ar an lá.

NÓRA: Nuair a déarfá paidir agus Áivé Máiria ina hainm.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Go *gcureólodh* sí ach mar a nífeá do chuid cosa sa tsáile ach nár cheart duit iad a thriomadh. Níor chóir duit iad a thriomadh i ndiaidh a theacht isteach. Do bhróga a chur ort agus.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

NÓRA: Sin an rud a mhothaigh mise, sin an rud a rinne mé ariamh agus go leor go maith liom, an teaghlaach uilig déarfainn.

DÓNALL: D'imigh na rudaí sin.

NÓRA: Tá na rudaí sin uilig go léir ar shiúl.

DÓNALL: Nach bhfuil?

NÓRA: Nach mór an trua. *Aye. But* b'fhéidir go dtiocfadh siad aníos ar ais.

DÓNALL: B'fhéidir go dtiocfadh .

NÓRA: B'fhéidir.
